



Gníomhaíocht Daltaí: Cothromóidí san fhoirm $ax + b = cx + d$

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Cothromóid $ax + b = cx + d$ ', ar CD an Dalta.

Bog na sleamhnóirí agus déan cothromóid den fhoirm $ax + b = cx + d$




- Clíceáil chun an chothromóid a fheiceáil $5x + (1) = 0x + (-2)$
- Clíceáil chun céim 1 a fheiceáil $5x + (1) + (-1) = 0x + (-2) + (-1)$
- Clíceáil do chéim 2 $5x = 0x + (-3)$
- Clíceáil chun céim 3 a fheiceáil $5x + (0x) = 0x + (0x) + (-3)$
- Clíceáil chun céim 4 a fheiceáil $5x = -3$ **Roinn an dá thaobh ar 5**
- Clíceáil do chéim 5 $x = -0.6$
- Clíceáil chun an réiteach a léiriú ar an uimhirlíne $5(-0.6) + 1 = 0(-0.6) + -2$
- Clíceáil chun an réiteach a sheiceáil $-2 = -2$



1. **Réitigh**, leis an ailgéabar, na cothromóidí seo a leanas. **Léirigh an réiteach ar an uimhirlíne** thíos agus **seiceáil an réiteach a fuair tú**:

a.

	An rud a dhéantar ar an taobh clé den chothromóid.	$2x + 3 = x + 7$	An rud a dhéantar ar an taobh deas den chothromóid.
Céim 1			
Céim 2			
Céim 3			
Céim 4			
Céim 5			



Seiceáil an réiteach.

b.


	An rud a dhéantar ar an taobh clé den chothromóid.	$2x + 2 = 4x - 6$	An rud a dhéantar ar an taobh deas den chothromóid.
Céim 1			
Céim 2			
Céim 3			
Céim 4			
Céim 5			



Seiceáil an réiteach

c.


.	An rud a dhéantar ar an taobh clé den chothromóid.	$3x - 3 = 2x + 8$	An rud a dhéantar ar an taobh deas den chothromóid.
Céim 1			
Céim 2			
Céim 3			
Céim 4			
Céim 5			



Seiceáil an réiteach.

d.

	An rud a dhéantar ar an taobh clé den chothromóid.	$3x - 8 = 4x - 5$	An rud a dhéantar ar an taobh deas den chothromóid.
Céim 1			
Céim 2			
Céim 3			
Céim 4			
Céim 5			




Seiceáil an réiteach.

2. Tugann tú faoi deara agus tú á sheiceáil, nach bhfuil an taobh clé cothrom leis an taobh deas: céard a thugann sé sin le fios? Céard ba chóir duit a dhéanamh?


3. Réitigh na cothromóidí seo a leanas leis an ailgéabar, léirigh an réiteach ar an uimhirlíne thíos, agus seiceáil an réiteach:

a) $3x - 6 = -2x + 9$




Seiceáil an réiteach.

b) $4x + 4 = 2x + 5$



Seiceáil an réiteach.

c) $-3(x + 2) + 5 = x + 3$



Seiceáil an réiteach.

4. Dúbláíodh uimhir, agus suimíodh trí léi ansin. Bhí an uimhir nua cothrom leis an uimhir thosaigh iolraithe faoi ceathair, lúide seacht. Léirigh é sin mar chothromóid. Réitigh an chothromóid agus seiceáil do fhreagra.

5. Bhí líon áirithe caorach ag feirmeoir agus cheannaigh sé trí chaora sa bhreis. Dhúbail sé an líon nua caorach ansin agus fuair sé go raibh a cúig oiread aige is a bhí nuair a thosaigh sé. Léirigh an t-eolas sin mar chothromóid, réitigh an chothromóid agus seiceáil an réiteach.

6. Tá bean ann atá ceithre huairé níos sine anois ná mar a bhí a hiníon dhá bhliain ó shin, agus tá suim an dá aois cothrom le 52. Faigh aois gach duine díobh anois, le cothromóid.

7. Tá suim trí uimhir chomhleanúnacha cothrom le 18. Faigh na huimhreacha atá i gceist, le cothromóid.

8. Bhí €40 ag Sadhbh. Cheannaigh sí cúig CD – thug sí an praghas céanna orthu uile – agus bí €6 fágtha aici. Léirigh an scéal sin le cothromóid, agus réitigh an chothromóid chun praghas CD a fháil.
